Folúntas
Oifigeach Tionscadail

Phlean Gníomhaíochta d'Iorras Aithneach

Táthar ag tairiscint conradh oibre chúig mhí dhéag do dhuine cumasach chun tacú le cur i bhfeidhm Plean Gníomhaíochta d'Iorras Aithneach. Beidh an té a bhéas ceaptha freagrach as clár oibre atá aontaithe le hÚdarás na Gaeltachta a chur i bhfeidhm agus ag obair leis an gComharchumann áitiúil FCL Teo., coistí áitiúla agus páirtithe eile chun spriocanna oibre a bhaint amach.

Seo leanas na príomhthionscnaimh atá le cur chun cinn:

- Tacú le forbairt Ionad Cuimhneachán na nImirceach (Ionad Diaspóra na Gaeltachta san áireamh).
- Oibriú i gcomhar le páirtithe cuí maidir le forbairt Ionad Fiontraíochta agus Teicneolaíochta sa cheantar.
- Deiseanna a scrúdú agus tacú le tionscnaimh fiontraíochta agus fostaíochta a chur chun cinn sa cheantar.
- Tionscnaimh turasóireachta a chur chun cinn sa cheantar.
- Tionscnaimh oideachais agus oiliúna aontaithe a chur chun cinn sa cheantar.

<u>Cáilíochtaí:</u>

- Ardchaighdeán Gaeilge idir scríofa agus labhartha.
- Cáilíochtaí tríú leibhéal cuí nó taithí leathan san earnáil forbartha pobail / Gnó/ Margaíocht.
- Taithí ar chóras riaracháin agus airgeadais.
- Scileanna maithe bainistíochta tionscadail, cumarsáide agus idirphearsanta.
- Cumas oibriú as a stuaim féin nó mar cuid de fhoireann.

Tá an post seo maoinithe ag Údarás na Gaeltachta. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Forbairt Chonamara Láir Teo. agus beidh an bhunáit oibre lonnaithe i gCarna.

Má tá spéis agat sa bpost seo, seol iarratais chomh maith le C.V chuig pleaniorrasaithneach@gmail.com roimh 4:00 i.n ar an 30 Samhain 2022